AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD02

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Smaoineann daltaí ar cad iad na hacmhainní a theastaíonn ó phlandaí le maireachtáil. Tosaíonn an t-iniúchadh le solas, ansin bogann sé go dtí uisce, ithir agus teas.

Cuspóirí
Ag múineadh do pháistí, trí thurgnaimh agus ag breathnú faoi riachtanais phlandaí ó thaobh solais, uisce, ithreach agus teasa agus dá réir an tábhacht a bhíonn leis na hacmhainní nádúrtha sin a chosaint.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Iniúchadh ar na fachtóirí a chuireann isteach ar fhás phlandaí; Feasacht agus cúram imshaoil.

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag iniúchadh, ag aithint.

Am
30 nóiméad chun socrú suas; 2 x 15- 20 nóiméad seisiúin chun leanúint ar aghaidh.

Nascadh le Scoileanna Glasa
An tábhacht atá le plandaí san imshaol.

Tabhair bia dom

CAD A THEASTAÍONN Ó PHLANDA LE FÁS

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Gabhdán plaisteach trédhearcach
- Gabhdán daite nach ligean solas isteach
- Cipíní manglaim
- Páipéar daite

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1. Déan tobsmaointeoireacht le daltaí maidir leis na hacmhainní éagsúla a theastaíonn ó phlanda le fás (is iad na príomhchinn ná solas, teas, uisce, ithir agus aer).
2. Abair leo go bhfuil tú ag dul ag tástáil conas a dhéanann solas difear don bhealach a fhásann planda.
3. Féar an planda a bheidh tú ag tástáil.
4. B'fhéidir nár smaoinigh daltaí riamh cheana gur planda é féar. Mínigh go bhfuil féar difriúl le haon phlanda eile; seachas fás ó bharr na ngas ar nós an chuid is mó de na plandaí, fásann féar ó bhonn na ngas. Ciallaíonn sé sin go bhfuil bá in ann é a ithe sa pháirc gan cur isteach ar an bpáirt den phlanda a bhíonn ag fás.



5. Mínigh go mbeidh tú á gcur seo i gcomparáid:
   - conas a fhásann féar nuair nach mbíonn aon chlúdach air.
   - conas a fhásann sé nuair a bhíonn clúdach trédhearcach air (ar nós teach gloine)
   - conas a fhásann sé nuair a bhíonn clúdach air nach scaoileann aon solas isteach.
6. Taispeáin na gabhdáin do na daltaí a bheidh siad ag úsáid chun an féar a chlúdach. Abair leo a thuar i scríbhinn cad a d'fhéadfadh tarlú don fhéar nuair a bhíonn sé clúdaithe ag gach aon gabhdán.
7. Roghnaigh píosa féir a fhaigheann roinnt maith solais ach atá amach as an mbealach (m.sh. ní in áit shúgartha). Leag na gabhdáin bun os cionn ar an bhféar agus marcáil cá bhfuil siad le roinnt cipíní manglaim.

NATURE

Gníomhaíocht AD02

leanúint →

Nóta: Bain píosa de na cipíní manglaim: brúigh an píosa géar síos sa talamh agus fág an píosa lom ag gobadh aníos. D'fhéadfaí píosaí beaga páipéir dhaite a ghreamú ar na cipíní nó marla daite a bhrú ar na píosaí loma chun go mbeidh na cipíní manglaim níos feiceálaí.

8 Ag baint úsáide as níos mó cipíní manglaim, marcáil amach áit a bhíonn thart ar an méid chéanna ar an bhféar in aice leis na gabhdáin (féach nóta thuas).

9 Ba chóir uisce a chur ar na paistí sin gach dara lá, ag crochadh na ngabhdán chun uisce a chur orthu. Ba chóir do dhaltaí a thabhairt ar aird má bhíonn sé ag báisteach mar beidh níos mó uisce ar an paiste féir nach mbíonn aon clúdach air.

10 Fág na gabhdáin ansin ar feadh coicíse agus fill go bhfeicfidh tú cén tionchar a bhíonn ar an bhféar.

Ceisteanna

1 Cén paiste féir is mó a d'fhás? Cén paiste féir nár fhás mórán?

2 Ar fhás an féar faoin ngabhdán trédhearcach níos mó ná an féar nach raibh clúdaithe ag gabhdán ar bith? Cén fáth a gceapann tú ar tharla sé sin? (Ba chóir go bhfásfadh an féar sa ghabhdán trédhearcach níos tapúla mar is ionann an gabhdán agus teach gloine).

3 Cén dath atá ar an bhféar a bhí clúdaithe ag an ngabhdán daite?

Nóta: Oibríonn an turgnamh seo níos fearr san Earrach agus sa Samhradh, nuair a bhíonn an féar ag fás. D'fhéadfaí turgnamh den sórt céanna a dhéanamh sa Gheimhreadh ach na gabhdáin thuas a leagan ar leac na fuinneoige le síol biolair péactha.

Ar aghaidh leat

1 Acmhainn amháin é solas a bhíonn riachtanach ó phlandaí chun fás. Déan roinnt de na turgnaimh thíos chun go bhfeicfidh tú cad eile a bheidh ag teastáil ó phlandaí le fás.

2 Cuimhnigh má bhíonn tú ag tástáil riachtanais amháin, ba chóir go mbeadh na riachtanais uile eile mar a chéile do gach paiste lena chinntiú gur tástáil chruinn a bhíonn ann. Mar shampla, má bhíonn tú ag tástáil an gá a bhíonn le huisce, déan iarracht a chinntiú go mbíonn an solas, an ithir agus an teas céanna ar fáil do gach paiste.

Uisce	Cuir roinnt síolta biolair ag fás ar shraith tanaí múirín ar chlár. Tóg trí phaiste síológa fásta: cuir uisce ar phaiste amháin gach lá, cuir uisce ar phaiste eile gach tríú lá agus ná cuir uisce ar bith ar an tríú paiste. Iarr ar an rang na torthaí a thuar. Cad a tharlaíonn?
Ithir	Cuir ceithre phaiste síolta biolair: paiste amháin ar phíosa páipéar cistine, paiste eile ar shraith tanaí múirín gairdín, paiste ar scamháin phinn luaidhe agus paiste eile ar pháipéar nuachta. Coimeád gach paiste fliuch ar feadh cúpla lá. Cén áit is fearr a fhásann na síolta? Iarr ar an rang na torthaí a thuar.
Teas	Cuir roinnt síolta biolair ag fás i dtrí phota bheaga. Nuair a bhíonn na síolta péactha agus nuair a thosaíonn na plandaí ag fás, leag pota amháin in áit the, pota eile in áit fhuar agus pota eile ag teocht an tseomra. D'fhéadfadh na daltaí teirmiméadar a úsáid chun an teocht a thógáil i ngach aon áit. Coimeád dialann ranga maidir le fás na bplandaí agus an teocht thar seachtain amháin.